Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais
An Dara Comhthionól Ginearálta

*'Sochaí Chóir a Thógáil — Ár nGuthanna, Ár dTodhchaí!'*

An Bhruiséil, 20 – 21 Meitheamh 2025

# Gearrthuarascáil

**#EUChildParticipation**

### Céard a bhí i gceist leis an gComhthionól Ginearálta?

Tháinig 80 leanbh agus duine óg ó gach cearn den Aontas Eorpach le chéile sa Bhruiséil don Dara Comhthionól Ginearálta d'Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais. Phléamar conas sochaí níos cothroime a thógáil do leanaí sa lá atá inniu ann agus amach anseo.

Cuireadh tús leis an imeacht le fáilte mhór spreagúil ón **gCoimisinéir Eorpach Glenn Micallef, Leas-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Cheartas agus Tomhaltóirí (AS JUST), Irena Moozová, agus Gabrielius, Aurora** agus Mirabela ó Phainéal na Leanaí. Ina dhiaidh sin bhí seisiún idirghníomhach maidir le cothroime idirghlúine faoi stiúir Erica Bol ón Airmheán Comhpháirteach Taighde (ACT). Leis sin, socraíodh cé na rudaí ar cheart aird a thabhairt orthu agus d'fhéach an Tionóil ar chothroime ó ghlúin go glúin agus conas is féidir le leanaí agus daoine fásta oibriú le chéile chun sochaithe níos córa a thógáil.

Díríodh ar an gceist 'Conas is féidir linn todhchaí níos cothroime a thógáil do chách?' le linn na gceardlann maidir le: Folláine i scoileanna, sábháilteacht ar líne agus cibearbhulaíocht, ag obair le chéile i gcoinne an fhuatha agus na gníomhaíochta ar son na haeráide.

Rinneamar moltaí de na smaointe ó na ceardlanna sin, bhí vóta ann maidir leo ina dhiaidh sin agus cuireadh le chéile i ndoiciméad iad ar a dtugtar an **Glao ar Ghníomhaíocht.** Cuireadh é faoi bhráid chinnteoirí an Aontais agus chinnteoirí náisiúnta ansin ag an **15ú Fóram Eorpach maidir le Cearta an Linbh** sa Bhruiséil an 23 Meitheamh 2025.

> *'Ba cheart go mbeadh a fhios ag leanaí go dtugtar aire dá gcuid fadhbanna, agus mar Ardán táimid i mbun gníomhaíochta chun na fadhbanna sin a réiteach.'* - Mirabela, 16




### An méid a pléadh

Roinneamar ár smaointe agus ár smaointe maidir le 4 ábhar mhóra atá tábhachtach do leanaí ar fud na hEorpa. Cuireadh tús leis an ullmhúchán don imeacht seo i bhfad sular bhuaileamar le chéile sa Bhruiséil. Chuidigh leanaí ón Ardán leis na príomhthéamaí a roghnú bunaithe ar na rudaí is tábhachtaí dá saol, dar leo. Roghnaíodh na hábhair chéanna sin freisin do **phlean oibre 2025-2026 Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais** agus tagann siad leis na réimsí a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach díriú orthu sna blianta amach romhainn.

I dteannta a chéile, phléamar an méid nach bhfuil cothrom, na rudaí is mian linn a athrú, agus na gníomhaíochtaí lena bhféadfaí feabhas a chur ar an saol do chách, dar linn.

***Folláine i Scoileanna — Treoirlínte le haghaidh Saol Scoile níos Cothroime***

Sa cheardlann seo — agus **Gabrielius** mar chomhéascaitheoir leanaí, **Ignacy** mar rúnaí, agus **Jan** mar shaineolaí óg in éineacht le **Laure Pailleau** (Eurochild), agus **Chiara Piccolo** (Learning for Well-being Foundation) — roinneamar ár gcuid smaointe maidir leis an gcothroime atá le braistint inár scoileanna gach lá. I ngrúpaí, shamhlaíomar an chuma a bheadh ar scoil atá iomlán cothrom agus cineálach. Bunaithe ar na **'Treoirlínte ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an dea-bhail agus an mheabhairshláinte ar scoil'**, chuireamar ár moltaí féin ar fáil do leanaí maidir leis an gcaoi a bhféadfaidís gníomhú chun feabhas a chur ar an meabhairshláinte agus ar an bhfolláine i scoileanna agus maidir leis an gcaoi ar féidir le scoileanna a bheith níos sábháilte, níos measúla agus níos sona do gach dalta.

***Sábháilteacht ar Líne agus Cibearbhulaíocht — Plean Gníomhaíochta an Aontais a Mhúnlú***

Le linn na ceardlainne seo - agus **Mirabela** mar chomhéascaitheoir leanaí, **Maria** mar rúnaí, agus **Andon** mar shaineolaí óg in éineacht le **Donatella Nembrini** (AS CNECT), **Dillan Fangoo** (AS CNECT), **Rima Daoud** (An Líonra Scoile Eorpach) agus **Karl Hopwood** (an Líonra Scoile Eorpach) - phlé muid a bhfuil gceist le cibearbhulaíocht i ndáiríre, na saincheisteanna is mó, agus na rudaí is féidir a dhéanamh chun stop a chur léi. I ngrúpaí beaga, phléamar cé ar cheart dóibh cabhrú leis an méid seo a leanas: scoileanna, cuideachtaí teicneolaíochta, agus daoine fásta eile ar féidir leo difríocht a dhéanamh. Phlé muid moltaí maidir leis an gcéad phlean gníomhaíochta eile de chuid an Aontais chun leanaí a choinneáil níos sábháilte ar líne.



***Gníomhú ar son na hAeráide - Meath na bPailneoirí***

Sa seisiún cruthaitheach seo - agus **Aurora** mar chomhéascaitheoir, agus **Andon** mar shaineolaí óg in éineacht le **Mateusz Tokarski** (JRC), **Nicolas Manthe** (JRC), agus **Suzanne van der Neut** (JRC) - shamhlaíomar cén chuma a bheadh an domhan dá mbeadh guth ag gach duine - ní hamháin daoine - i gcinntí tábhachtacha faoin bpláinéad. Ghlacamar páirt i 'Parlaimint na Nithe Beo,' inar labhair cuid againn thar ceann ainmhithe, plandaí, nó fiú na nglúnta atá le teacht, agus labhair daoine eile ar son na leanaí atá ag maireachtáil sa lá atá inniu ann. Chomhroinneamar smaointe agus mholamar gníomhaíochtaí 'pailneora' a d'fhéadfadh an pláinéad a chosaint agus áit níos cothroime a dhéanamh de do chách.

*Ag obair le chéile in aghaidh an fhuatha — Cód Cineáltais*

Sa cheardlann seo - agus **Naya** mar chomhéascaitheoir leanaí agus **Alexandra** agus **Ayat** mar rúnaíthe in éineacht le **Tommaso Chiamparino** (AS JUST) agus **Martin Sacleux** (AS JUST), dhíríomar ar an gcaoi ar féidir linn scoileanna agus an pobal a dhéanamh níos cineálta agus áiteanna níos sábháilte a chruthú do chách. Ar dtús, roinneamar samplaí dearfacha de rudaí atá feicthe againn inár saol féin a chuidíonn le stop a chur leis an bhfuath agus leis an gcineáltas a scaipeadh. D'fhiafraíomar dínn féin freisin cad a d'fhéadfadh an tAontas a dhéanamh chun gníomhaíochtaí a dhéanamh san fhíorshaol. Ansin, chruthaíomar 'Cód Cineáltais' ina raibh gníomhaíochtaí chun ár dtimpeallacht a dhéanamh níos sábháilte agus níos measúla.



## Gníomhaíochtaí Speisialta agus Spraíúla

Ní cainteanna tromchúiseacha amháin a bhí i gceist leis an Tionól – bhí neart spraoi agus ócáidí speisialta ann freisin!

Bhí éascaitheoirí ó Phaineál na Leanaí i gceannas ar Sheisiún Cluichí. Cuireadh isteach i bhfoirne muid agus bhí cluiche tomhais ardfhuinnimh againn. Bhaineamar úsáid as focail agus frásaí ónár n-eispéireas ag an Tionól Ginearálta, agus rinne muid cur síos orthu nó thug muid leideanna fúthu gan ach aon fhocal amháin a rá, nó rinneamar iad a ghníomhú amach. Chuir sé i gcuimhne dúinn gach rud a bhí foghlamtha againn i rith an lae.

Sa seisiún **'Guthanna Óga, Athruithe Móra',** a d'óstáil Foireann Chomhchruthaithe Cumarsáide na Leanaí, chonaiceamar 17 dtionscadal spreagúla faoi stiúir leanaí nó a cruthaíodh le rannpháirtíocht láidir leanaí. Chuir leanaí ó eagraíochtaí éagsúla na tionscadail sin i láthair, agus léirigh siad conas is féidir le leanaí fíordhifríocht a dhéanamh ina bpobail.

Bhí **stáisiúin tástála** againn freisin do shuirbhéanna atá ar na bacáin agus don suíomh gréasáin, agus bhí balla **'Gach Uile Guth'** againn, áit a bhféadfaimis tuilleadh smaointe a roinnt ar bhealach tapa, éasca agus cruthaitheach le linn na sosanna.

Bhí **greamáin agus tatúnna sealadacha uisce ann le teachtaireachtaí cumhachtacha maidir le haontacht na hEorpa** agus cumhachtú leanaí – nod go bhfuil fíorthábhacht lenár nguth. Bhí **both grianghraf** ann, chun pictiúir spraíúla a ghlacadh lenár gcairde, chun ceiliúradh a dhéanamh ar an mbraistint a bhaineann le bheith mar chuid d'fhoireann mhór leanaí atá ag múnlú na todhchaí le chéile.




An chéad tráthnóna, chuamar ar **thuras ar an mBruiséil**, agus fuaireamar léargas ar stair, ar shainchomharthaí áille, agus ar éagsúlacht chultúrtha na cathrach. Deis a bhí ann a scíth a ligean, gáire a dhéanamh agus aithne ar chur ar a chéile tar éis lá iomlán plé.

## Féile na Cothroime — Na Gníomhaíochtaí is Tábhachtaí a Roghnú

Ag deireadh an Tionóil, thángamar go léir le chéile le haghaidh seisiún mór cruthaitheach ar a dtugadh Féile na Cothroime. Ba dheis é sin chun breathnú siar ar na smaointe agus na gníomhaíochtaí uile a roinneadh sna ceardlanna agus a chinneadh cé na cinn ba thábhachtaí a chur san áireamh i 'gGlao ar Ghníomhaíocht' lena chur i láthair ag Fóram an Aontais um Chearta an Linbh.

Chuamar lenár ngrúpaí baile, agus thugamar cuairt ar cheithre stáisiún téamacha, agus gach ceann acu nasctha le ceann de thopaicí na ceardlainne. Bhí gach stáisiún éagsúil agus tugadh deis dúinn a bheith cruthaitheach agus muid ag smaoineamh ar na gníomhaíochtaí is mó is mian linn go gcloisfeadh daoine fásta fúthu:

- **Stáisiún 1 – Scoil Chothrom a Thógáil (An Fholláine i Scoileanna):** D'iompaigh muid inár nAiltirí Folláine, agus d'úsáideamar cártaí gníomhaíochta agus go leor ábhar ildaite, oscailte chun samhlacha a thógáil den chuma a bheadh ar scoil chothrom, thacúil agus shona. Bhí brí le gach rud a roghnaíomar, d'fhéadfadh sé go mbeadh nasc ann idir fabraic bhog agus an cineáltas, nó d'fhéadfadh caidreamh a bheith i gceist le teaghrán, agus ar an gcaoi sin shamhlaíomar cén chuma a bheadh ar ár rogha scoile.




• **Stáisiún 2 — Labhair Amach, Bí Cóir i mBun Scróllála (Sábháilteacht ar Líne agus Cibearbhulaíocht):** D'iompaigh muid inár 'nDéantóirí Athruithe Digiteacha' ansin, agus d'oibrigh muid i bhfoirne chun físeáin nó postálacha, mar a dhéanfá ar na meáin shóisialta, a chruthú ina raibh teachtaireachtaí láidre dearfacha maidir le conas an domhan ar líne a dhéanamh níos sábháilte agus níos cineálta do chách.



• **Stáisiún 3 — Cruthú in aghaidh an Fhuatha (Oibriú le Chéile in aghaidh an Fhuatha):** Spás níos suaimhní a bhí anseo, áit ar stop muid agus smaoiníomar ar na gníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo chun deireadh a chur leis an bhfuath agus chun an cineáltas a scaipeadh. Rinneamar leabhair nótaí a mhaisiú le pictiúir, focail nó siombailí a léirigh an t-athrú is mian linn a fheiceáil inár scoileanna agus inár bpobail – meabhrú a d'fhéadfaimis a thabhairt abhaile linn.



• **Stáisiún 4 — Ceant Aeráide (Gníomhú ar son na hAeráide):** Chuaigh muid i mbun oibre mar éicea-infheisteoirí ansin, agus cuireadh muid i bhfoirne a raibh buiséad beag 'éicea-airgid' acu chun tairiscintí a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí aeráide a ndéanfadh an difear is mó don phláinéad, dar linn. Chuidigh an ceant bríomhar spraíúil sin linn na smaointe is fearr a roghnú chun an dúlra a chosaint agus todhchaí níos glaise a thógáil.



### Príomhphointí ón nGlao ar Ghníomhaíocht— Na Nithe is Mó Tábhacht

Le linn an Chomhthionóil Ghinearálta, chuireamar go leor smaointe ar fáil maidir le conas an saol a dhéanamh níos cothroime do leanaí san Eoraip. Tugadh tús áite do na smaointe sin ansin le linn Fhéile na Cothroime chun ár nGlao ar Ghníomhaíocht deiridh a chur i dtoll a chéile: doiciméad moltaí do chinnteoirí an Aontais chun éisteacht leo agus gníomhú ina leith. Seo a leanas roinnt de na gníomhaíochtaí agus de na smaointe:

***Cothroime Idirghlúine***

Labhair leanaí faoi níos mó measa agus tuisceana a bheith ann idir daoine fásta agus daoine óga. Táimid ag iarraidh ar dhaoine fásta stop a chur le labhairt síos le leanaí nó leis an milleán a chur orthu, agus oibriú linn chun réitigh a chruthú don todhchaí. Is féidir é sin a léiriú i smaoineamh amháin a roinnfear sa Ghlao ar Ghníomhaíocht: ba cheart don Aontas imeachtaí agus feachtais a eagrú ina dtagann leanaí agus daoine fásta le chéile mar a chéile, chun fadhbanna a phlé agus oibriú le chéile ar réitigh.

> *'Is mic léinn muid, ach is páistí muid freisin, agus thar aon ní eile, is daoine muid a bhfuil brionglóidí, eagla, dóchas agus guth againn ar cheart éisteacht a thabhairt dóibh. Tá tábhacht ag baint le gach uile duine, agus tá rud tábhachtach le roinnt ag cách."* – Diogo, 16




***Folláine ar Scoil***

Ba cheart go mbeadh níos mó i gceist le scoileanna ná marcanna amháin, ba cheart go gcabhróidís le gach leanbh a mhothú go bhfuil siad sábháilte, go dtuigtear iad agus go dtugtar tacaíocht dóibh. Luaitear an méid seo a leanas i gceann de na gníomhaíochtaí: 'Chun maoiniú ón Aontas a fháil, ba cheart é a bheith de cheangal ar na bardais sna Ballstáit rochtain ar chúram meabhairshláinte a chur ar fáil i scoileanna. Tá cabhair ó ghairmithe ar nós múinteoirí agus/nó síceolaithe agus comhairleoirí scoile de dhíth ar go leor páistí.".

> *'Tá plean gníomhaíochta ardán rannpháirtíochta na leanaí tábhachtach toisc go léirítear ann conas cur leis an domhan ar bhealach dearfach agus leis an gcaoi ar féidir liom mo mheabhairshláinte mo shláinte choirp a rialú ar scoil'* - Ayat, 13

***Oibriú le Chéile in Aghaidh an Fhuatha***

Phléamar an chaoi a ndéanann an fuath dochar, agus an chaoi a gcruthaíonn sé deighiltí agus éagóir. Is mian linn tuilleadh deiseanna a bheith againn foghlaim faoi leanaí ó chultúir agus ó chúlraí éagsúla agus teagmháil a dhéanamh leo. Beart amháin a chreidimid is ea Erasmus a dhéanamh níos mó, ionas gur féidir le níos mó tíortha, scoileanna agus leanaí páirt a ghlacadh ann. Cuireann sé sin tuiscint chun cinn agus laghdaíonn sé an fuath trí níos mó a fhoghlaim faoi chultúir tíortha eile.

> *'Ag deireadh an lae, táimid tagtha ar an gconclúid mhór go bhfuil sé ríthábhachtach aontacht a bhaint amach tríd an éagsúlacht. Leagtar béim sa phlean gníomhaíochta ar an tábhacht a bhaineann le guth gach uile duine."* – Ilnica, 16

***Sábháilteacht ar Líne agus Cibearbhulaíocht***

Dúirt leanaí gur féidir le spásanna ar líne a bheith neamhshábháilte, agus nach mbíonn a fhios ag daoine fásta conas cabhrú leo i gcónaí. Beart tábhachtach a mholamar is ea gur cheart do mhúinteoirí foghlaim conas leanaí a mhúineadh faoi shábháilteacht ar líne, faoi nósanna sláintiúla scáileáin, agus conas a gcuntais agus a n-eolas ar líne a chosaint.

> *'Tá ról ollmhór ag plean gníomhaíochta Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais i saol laethúil gach linbh, rud a chinntíonn go ndéanann polaiteoirí ar fud na hEorpa ionadaíocht ar an tsábháilteacht, ar an daonlathas agus ar luachanna eile de chuid an Aontais.'* – Gabrielius, 17

***Gníomhú ar son na hAeráide***

Bhíomar ar fad ar aon intinn gurb é atá i gceist leis an gcothroime an dúlra a chosaint agus a chinntiú go mbeidh pláinéad sábháilte agus sláintiúil ag na glúnta atá le teacht. Bhí 'Níos mó spásanna sábháilte a chruthú do phailneoirí inár gcomharsanachtaí agus timpeall ar scoileanna. Tá na créatúir sin ríthábhachtach chun an aeráid a chosaint.' i measc na ngníomhaíochaí a thugamar tús áite dóibh.

> *'Tá sé an-chumhachtach leanaí a fheiceáil ag smaoineamh ní hamháin orthu féin ach ar an gcomhshaol agus ar leanaí eile freisin. Tá atmaisféar iontach againn anseo, tá gach duine chomh fuinniúil sin agus táimid réidh chun an domhan a athrú!"* — Aurora, 17

Níl iontu sin ach roinnt de na smaointe a thángamar orthu le chéile. Is féidir na moltaí ar fad a léamh sa Ghlao iomlán ar Ghníomhaíocht.

## Cad é an Chéad Chéim Eile?

Tar éis an Tionóil, chuaigh Andrea, Aley, Jad, Alexandra, Jan, Margaux, Mihael, Lukáš agus Rugile chuig Fóram an Aontais um Chearta an Linbh chun an Glao ar Ghníomhaíocht a roinnt le cinnteoirí. Luadh na smaointe a chomhaontaíomar le chéile in go leor comhráite móra ag an bhFóram, rud a chinntigh gur éisteadh le guthanna na leanaí i gceart.

Sheol daoine fásta ag an bhFóram teachtaireachtaí ar ais chuig na leanaí freisin trí chód QR speisialta, rud a léirigh go raibh siad ag éisteacht agus ag iarraidh freagairt dár smaointe. Féach an méid a dúirt na daoine fásta faoin nGlao ar Ghníomhaíocht

Beidh ár dtograí san áireamh i dtuarascáil oifigiúil an Fhóraim agus cuideoidh siad le Straitéis nua an Aontais maidir le Cearta an Linbh a mhúnlú, ionas gur féidir le smaointe agus tosaíochtaí leanaí a bheith ina dtreoir d'fhíorghníomhaíochtaí agus d'fhíorchinntí amach anseo.



#EUChildParticipation